An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
30 MEÁN FÓMHAIR 2011

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

CLÁR ÁBHAR

	LEATHANACH
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	2 - 3
FAISNÉIS CHÚLRA	4
RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	5
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	6
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	7 - 14
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCITHE CÚIRTE	15
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	16 - 17
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA	18
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH	19 - 20
RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS	21
RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ	22
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ	23
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	24 - 38
FAISNÉIS BHREISE	39
CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE	40 - 42
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	43 - 45
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	46 - 48

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte An Breitheamh Katherine Delahunt (Breitheamh den Chúirt Chuarda) An Breitheamh Cormac Dunne (Breitheamh den Chúirt Dúiche) Sean Quigley, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Stiúrthóir Airgeadais Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, An tSeirbhís Chúirteanna James Finn, An Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte John Mahon, Príomhoifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna Fintan Murphy, Cláraitheoir an Chontae, Maigh Eo Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Paul Farrell, Ball Neamhspleách
OIFIG CHLÁRAITHE	Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais Teach an Fhionnuisce 15 – 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh Margadh na Feirme Baile Átha Cliath 7.
BAINISTEOIR INFHEISTíOCHTA	State Street Global Advisors Ireland Limited (Bank of Ireland Asset Management roimhe seo) Plás Dhá Pháirc Sráid Haiste Uachtarach Baile Átha Cliath 2. State Street Global Advisors 21 St. James Square Londain SWIY 4SS An Ríocht Aontaithe.
CAOMHNÓIR AGUS RIARTHÓIR	JP Morgan Admin Services (Ireland) Ltd Teach JP Morgan IFSC Baile Átha Cliath 1.
COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA	Aon Hewitt Bloc D Cúirt Uíbh Eachach Bóthar Fhearchair Baile Átha Cliath 2.

COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

Matheson Ormsby Prentice
70 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1.

McCann Fitzgerald
Riverside One
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.

INIÚCHÓIRÍ

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2.

Na Cúirteanna agus na Cistí Cúirte:

Tá ról caomhnóireachta ag na Cúirteanna maidir le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun Orduithe Cúirte nó de réir ceanglais reachtaíochta. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí a rialaíonn fáltas, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí cúirt-rialaithe:

- Acht Oifigigh Cúirte 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

Áirítear leis na catagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna, go príomha:

(a) Coimircithe Cúirte; taisctear sa Chúirt cistí na ndaoine a thugtar faoi choimirce;
(b) Mionaoisigh; taiscfear na dámhachtainí airgeadais a bhronnann na Cúirteanna ar dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois sa Chúirt go dtí go sroicheann siad lán-aois. I gcás ina meastar go bhfuil gá le cúram fadtréimhseach, is féidir Coimircí Cúirte a dhéanamh de mhionaoiseach;
(c) Taiscí déanta ag Páirtithe le hImeachtaí Cúirte; féadfaidh duine atá páirteach in imeachtaí cúirte sibhialta airgead a thaisceadh sa chúirt agus iad ag féachaint d'éileamh duine eile atá páirteach sna himeachtaí a shásamh.

Áirítear le cistí eile atá i seilbh na Cúirte:

- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumainn, Cuideachtaí Árachais agus Ceantálaithe
- Ábhair a bhaineann le hiontaobhaithe (fáltais na n-iontaobhas a n-ordaíonn an Chúirt go dtaisctear iad sa chúirt)
- Díbhinn neamhéilithe i leachtuithe cuideachtaí
- Fáltais ó cheannacháin éigeantacha talún i gcás nach fios cé hé nó cé hí an tairbhí
- Taiscí faoi Land Clauses Act 1845
- Cistí arna dtaisceadh ag an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais:

Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (an "Cuntasóir") go gairid i ndiaidh bhunú an Stáit, faoin Acht Oifigigh Cúirte 1926. Sonraítear san Acht go gcomhlíonfaidh an Cuntasóir cibé feidhmeanna a thabharfaidh nó a shannfaidh reacht nó riail na cúirte dó nó di, agus comhlíonfaidh sé nó sí agus gnóthóidh sé nó sí, go háirithe, i ndáil leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Príomh-Bhreitheamh, gach dualgas nó feidhm den sórt sin de réir mar a chomhlíon agus a ghnóthaigh Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí Breithiúnais in Éirinn na dualgais agus na feidhmeanna sin i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le hArd-Seansailéir na hÉireann. Tá an Cuntasóir freagrach faoi láthair as bainistíocht agus infheistíocht cistí arb ionann iad agus €1.178 billiún.

Is éard atá i gceist leis na cistí a ndéanann an Cuntasóir bainistíocht orthu ná cistí a shealbhaítear faoi rialú na gCúirteanna agus a ndéantar bainistíocht orthu i gcáilmhuiníneach thar ceann na dtairbhithe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthithe, daoine ar Choimircithe Cúirte iad agus Mionaoisigh ar bhronn na Cúirteanna damáistí orthu. Ceanglaíonn an dlí go n-infheisteofar cistí atá faoi rialú na gCúirteanna de réir an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na n-orduithe a dhéantar faoin Acht sin.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÉAMHRÁ LE CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chur i láthair i ndáil leis an mbliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011.

Is bliain dhúshlánach eile a bhí sa bhliain seo do bhainistíocht na gCistí Cúirte. Bhí cuid mhór oibre críochnaithe ag an gCoiste Infheistíochta ar athbhreithniú mheascán sócmhainní na straitéisí infheistíochta agus an príomhchuspóir aige ná caomhnú caipitil. Chiallaigh an ghéarchéim fiachais i Limistéar an Euro agus an éiginnteacht sna margaí airgeadais gur infheisíodh na cistí nua go léir a bhí ag teacht isteach sna cúirteanna i straitéisí caomhnaithe capitil ísealriosca. Ba é 1.19% an fheidhmíocht iomlán infheistíochta glan ar tháillí de chistí cúirte thar na cúig straitéis sa dá mhí dhéag go dtí 30 Meán Fómhair 2011. (2010: 4.24%). Léiríonn sé seo an tosaíocht a tugadh le hurrús caipitil a chinnitiú ná torthaí ar infheistíocht a fháil. Tá luaineacht agus éiginnteacht thar cuimse i margaí airgeadais le blianta beaga anuas. Is maith an rud go bhfuil codán suntasach (94%) de na cistí cúirte infheistithe i sócmhainní atá bunaithe ar airgead tirim agus gan ach 6% curtha i gcothromais. Mar a fheicfidh tú ón tuarascáil seo bhí feidhmíocht infheistíochta thar na cúig straitéis dearfach don bhliain atá faoi athbhreithniú agus bhí na torthaí idir 1.13% glan ar tháillí don Chiste Airgid Thirim agus 2.75% glan ar tháillí don Chiste Banna Plus. Bhí feidhmíocht diúltach de -0.36% ag an gCiste Comhardaithe don bhliain airgeadais. An luaineacht mhór sna margaí airgeadais sa dara leath den bhliain airgeadais ba chúis leis seo.

D'fhás cistí glana arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra go €1.178 billiún ag deireadh na bliana (2010: €1.137 billiún), méadú €41 milliún ón mbliain roimhe sin. Is méadú an-suntasach é seo ar luach na gcistí faoi bhainistíocht agus is éard is cúis leis ná méadú €36m ar idirbhearta caipitil (.i. rófháltais os cionn eisíocaíochtaí) agus glanmhéadú €5m i gcistí cúirte ó fheidhmíocht infheistíochta.

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile ocht n-uaire sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, agus, i gcomhar lenár gcomhairleoirí infheistíochta, déanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht infheistíochta agus ar a dhlúithe is atá na hinfheistíochtaí sin ag cloí leis na straitéisí infheistíochta agus ar oiriúnacht leanúnach na straitéisí infheistíochta reatha sin. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag lorg deiseanna chun luach breise a chur leis an infheistíocht agus a chinntiú go ndéanfar an cur chuige infheistíochta a chur i bhfeidhm chun leasa na dtairbhithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Infheistíochta as ucht a gcuid oibre agus a dtiomantas i rith na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair iontach a rinne foireann Oifig an Chuntasóra i rith na bliana freisin.



Nicholas Kearns
Uachtarán na hArd-Chúirte
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

20 Nollaig 2011

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

Is éard atá sa Choiste Infheistíochta ná roinnt Breithiúna, Oifigigh Chúirte, Oifigigh na Seirbhíse Cúirteanna agus baill neamhspleácha. Is é Uachtarán na hArd-Chúirte cathaoirleach an Choiste. Tá ról comhairleach aige agus é mar phríomhfheidhm aige beartas infheistíochta a cheapadh do chistí cúirte agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí a fhaigheann sé óna chuid comhairleoirí infheistíochta. Déanann sé deimhin de freisin go gcuirtear dea-chleachtas i bhfeidhm i gcónaí ar bhainistíocht na gcistí Cúirte.

Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta agus tháinig sé le chéile ocht n-uaire le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2011. Is iad seo a leanas baill an choiste:

An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte, Cathaoirleach
An Breitheamh Katherine Delahunt, An Chúirt Chuarda
An Breitheamh Cormac Dunne, An Chúirt Dúiche
Sean Quigley, Stiúrthóir Airgeadais/Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, Oifig an Chuntasóra
James Finn, An Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte
John Mahon, Príomhoifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna
Fintan Murphy, Cláraitheoir an Chontae, Maigh Eo
Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath
Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Paul Farrell, Ball Neamhspleách

Bhí an Bhean Uasail Deborah Reidy as Aon Hewitt, ina ról mar Chomhairleoir Infheistíochta um Chistí Cúirte a Infheistiú, i láthair gach cruinniú de chuid an Choiste Infheistíochta, seachas na cinn nach raibh sí taifeadta orthu sna miontuairiscí.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach as na Cúirteanna a bhainistiú agus a riar agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do bhreithiúna de réir an Achta um Sheirbhís Chúirteanna 1998. Is sa cháil seo atá ról ag an tSeirbhís Chúirteanna i gcistí cúirte, arna sealbhú ar iontaobhas ag na Cúirteanna, a bhainistiú agus a infheistiú. Déantar na cistí seo a infheistiú ar aon dul le forálacha an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus orduithe ina dhiaidh sin.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2011 ba é luach iomlán na gcistí arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra ná €1.178 billiún (€1.137 billiún, ag 30 Meán Fómhair 2010). An méadú seo ar luach na gcistí €41 milliún, is éard is cúis leis ná méadú €36m ar idirbhearta caipitil (.i. rófháltais os cionn eisíocaíochtaí) agus glanmhéadú €5m ó fheidhmíocht infheistíochta don bhliain airgeadais faoi athbhreithniú (€28 milliún :2010).

Déanann an tSeirbhís Chúirteanna infheistíocht leanúnach stuama i ngach ciste as a bhfuil sé freagrach. I gcuid mhór cásanna is é caomhnú caipitil an príomhchuspóir infheistíochta sáraitheach ach i gcásanna eile féadfaidh toradh níos fearr ar son duine aonair má bhíonn tiomsú airgid de dhiobháil bheith mar chuspóir. Mar gheall ar na coinníollacha margaidh luaineacha agus éiginnte reatha agus ar an bhuairt faoi na rioscaí laistigh de Limistéar an Euro, tá an tSeirbhís Chúirteanna ag iarraidh cinntiú go n-éagsúlófar cistí cúirte go sásúil agus go n-infheisteofar go stuama iad. Tar éis comh airle a ghlacadh ónár gComhairleoirí Infheistíochta agus ionchur a fháil ónár mbainisteoirí ciste, tá muid sásta go bhfuil an cur chuige reatha maidir le hinfheistíocht oiriúnach i láthair na huaire. Déanann an Coiste Infheistíochta athbhreithniú rialta ar an gceist seo.

In Eanáir 2011, rinne ár gComhairleoirí Infheistíochta athbhreithniú ar mheascán sócmhainní an Chiste Speictrim Banna Plus, Straitéis 2. Chun an riosca luaineachta sa straitéis seo a laghdú, agus í a ailíniú leis an bpríomhchuspóir caomhnaithe caipitil do chásanna áirithe, mhol siad go n-athrófaí an meascán sócmhainní chun an infheistíocht 100% sa Chiste Airgid Thirim GRU a léiriú. Cheadaigh an Coiste Infheistíochta an moladh seo. Roimh an athrú seo bhí an ciste comhdhéanta de 40% Airgead Tirim, 30% Bannaí agus 30% Cothromais. Cheadaigh an Coiste Infheistíochta na hathruithe molta do mheascán sócmhainní an Chiste Chomhardaithe agus an Chiste Fáis, sa dóigh agus go raibh an meascán sócmhainní céanna seo a leanas acu: 45% Ciste Airgid Thirim GRU, 20% Ciste Bannaí, 20% Ciste Cothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro agus 15% Ciste Cothromais Limistéar an Euro. I rith na bliana airgeadais faoi athbhreithniú rinne an Coiste Infheistíochta monatóireacht ar an bpróiseas éagsúlaithe don Chiste Airgid Thirim GRU. Ní cheadaíonn an staid reatha ach infheistíochtaí i mBillí Roinne Airgeadais rialtais an Euro a bhfuil rátáil chreidmheasa fadtéarmach de Aaa acu ó dhá ghníomhaireacht rátála creidmheasa ar a laghad agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais a bhfuil íosrátálacha fadtéarmacha de A+ le S&P agus Aa3 le Moody's.

Mar gheall ar an mbuairt go mbeidh gearchéim fiachais limistéar an euro ag na geille agair is mó agus ar na ciallachais do na bainc a bhfuil méideanna móra bannaí rialtais acu, ar chomhairle ár gComhairleoirí Infheistíochta, tá an tSeirbhís Chúirteanna ag déanamh athbhreithnithe leanúnaigh ar na paraiméadair infheistíochta ceadaithe leagtha amach dá sainordú Chiste Airgid Thirim GRU agus an aidhm aici a prófíl riosca a laghdú. Le comhairle ónár gComhairleoirí Infheistíochta, d'infheistigh an tSeirbhís Chúirteanna na cistí nua uilig a tháinig isteach sna cúirteanna sa Chiste Airgid Thirim GRU ó thus na bliana airgeadais atá faoi athbhreithniú. Táthar ag brath go n-infheisteofar cásanna a mbeidh cur chuige ioncaim ghinte de dhíth orthu i gciste ioncam fáis m.sh. An Ciste Comhardaithe, tar éis d'oifig na gCoimircí Cúirte dul i gcomhairle le hionadaithe na dtairbhithe.

Cé go bhfuil roinnt luaineachta fós i margaí airgeadais, go háirithe mar a chonacthas sa tríú agus sa cheathrú ráithe, Meitheamh 2011 agus Meán Fómhair 2011, bhí feidhmíocht chistí na Cúirte sásúil go maith san iomlán, le méadú beag €5 milliún ar shócmhainní mar thoradh ar fheidhmíocht infheistíochta don dá mhí dhéag go dtí an 30 Meán Fómhair 2011. Cé go bhfuil riosca luaineachta fós i gceist leis na margaí airgeadais, lean an tSeirbhís Chúirteanna ag glacadh cur chuige a sheachnaíonn riosca maidir le hinfheistiú cistí i rith na bliana, le céatadán an-ard cistí á n-infheistiú in airgead tirim.

Léiríonn Tábla 1 thíos feidhmíocht de réir gach ráithe i gcás gach ceann de na cistí infheistíochta. I rith an tríú agus an cheathrú ráithe, Meitheamh agus Meán Fómhair 2011, tharla titim shealadach inár gcistí meán go fadtéarmacha. Bhí an fheidhmíocht do gach ráithe eile dearfach, áfach, agus bhí an fheidhmíocht fhoriomlán don bhliain sásúil. Sa iarthréimhse chláir chomhardaithe, Deireadh Fómhair agus Samhain, ghnóthaigh an fheidhmíocht infheistíochta sa Chiste Comhardaithe.

Tábla 1:



Ó ceapadh na straitéisí infheistíochta atá á n-úsáid faoi láthair i mí na Nollag 2003, tá ag éirí go hiontach leis na cistí cúirte ó thaobh feidhmíocht infheistíochta de. Tá beartas infheistíochta an-choimeádach ag an tSeirbhís Chúirteanna. Coinnítear cuid mhór de chistí (94.42%) i sócmhainní agus i mbannaí airgid thirim faoi láthair. Ní chuirtear ach 5.58% díobh i gcothromais. Ó bunaíodh na cistí nua aonadaithe i gcomhar le hathbhreithniú ar mheascán comhdhéanaimh straitéisí infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna, tá an fheidhmíocht infheistíochta carntha an-láidir agus chabhraigh siad sin le cistí cúirte a chosaint ó na hiarmhairtí is measa a d'eascair as an luaineacht sna margaí airgeadais ó 2008. Ó bunaíodh na cistí aonadaithe nua i mí na Nollag 2003 (bunaíodh an Ciste Airgid Thirim i mí an Mheithimh 2006), bhí leibhéal na hinfheistíochta carnaí sa reimse ó 11.08% don Chiste Airgid Thirim go 33.63% don Chiste Banna Plus (féach Tábla 2).

Tábla 2 :



***Nóta: Níor tosaíodh an Ciste Airgid Thirim ach i mí an Mheithimh 2006**

Ba shásúil ar an iomlán feidhmíocht infheistíochta le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2011. Threisigh an ghéarchéim i Limistéar an Euro tábhacht na straitéise stuama glactha ag an tSeirbhís Chúirteanna. 1.19% a bhí i meán torthaí bliantúla foriomlána na straitéisí ar fad, glan ar tháillí (4.24% anuraidh).

Chuir an Coiste Infheistíochta, le tacaíocht ónár gcomhairleoirí infheistíochta, athbhreithniú cuimsitheach i gcrích maidir leis na straitéisí infheistíochta sa bhliain atá faoi athbhreithniú. Bhí an t-athbhreithniú seo mar bhunús leis an iarratas le haghaidh moltaí do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta, de réir rialacháin soláthair an AE. Tá an próiseas sin ar siúl agus cuirfear i gcrích faoi dheireadh 2011 é.

Leithdháileadh Sócmhainní:

Cuireann cinnteoireacht infheistíochta prionsabail infheistíochta stuama san áireamh, nuair a d'fhéadfadh caomhnú caipitil bheith mar chuspóir infheistíochta sáraitheach do d huine aonair, ach i gcás anna eile, d'fhéadfadh an tSeirbhís Chúirteanna torthaí níos airde a iarraidh ar son duine aonair nuair atá an riosca cosanta.

Cuirtear infheistíocht cistí i straitéis fás ioncaim in iúl d'ionadaithe na dtairbhithe sula ndéantar an infheistíocht. Déanann Oifig na gCoimircí Cúirte athbhreithniú ar gach cás go tréimhsiúil, agus má athraíonn tosca an tairbhí, féadtar an straitéis a athrú dá réir. Bunaithe ar na prótacail infheistíochta reatha do chistí cúirte, tugtar cuntas i dTábla 3 thíos ar an measc án sócmhainní a bhaineann leis na ceithre straitéis ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2011.

Tábla 3 – Measc án Sócmhainní na gCistí Cúirte amhail an 30 Meán Fómhair 2011

Aicme Sócmhainní Chiste Speictrim	*Airgead Tirim GRU Straitéis 0*	*Ciste Airgid Thirim Plus Straitéis 1*	*Ciste Banna Plus Straitéis 2*	*Ciste Comhardaithe Straitéis 3*
Airgead Tirim	**100%**	**100%**	**100%**	**45%**
Bannaí				**20%**
Cothromais Euro				**15%**
Cothromais an Domhain seachas Euro				**20%**
Iomlán	**100%**	**100%**	**100%**	**100%**

Tábla 4 – Léiríonn sé céatadán leithdháileadh na gcistí cúirte chuig gach straitéis ag deireadh mí Mheán Fómhair 2011.



Maidir leis na Cistí SSgA, léirítear na bunaicmí sócmhainní a n-infheistítear na cistí iontu i dTábla 5.

Tábla 5 - Leithdháileadh Aicme Sócmhainne chuig Cistí SSgA



Cistí Infheistíochta
Tugtar cuntas thíos ar phróifíl gach Ciste Speictrim ag 30 Meán Fómhair 2011:

Ciste Airgid Thirim GRU, Ciste Speictrim Airgid Thirim Plus agus Ciste Speictrim Banna Plus:
Is é caomhnú capitil príomhchuspóir na dtrí chiste seo, is é sin, cothú luach an chapitil infheistithe. Tá an measc án comhdhéanaimh sócmhainní infheistithe 100% sa Chiste Airgid Thirim SS gA GRU. Is mea scán bainistithe gníomhach é seo de ghleásanna éagsúla gearrthéarmacha ceadaithe. Is é Innéa cs Euribid 3 mí innéa cs pointe cóimheasa Chiste Airgid Thirim SSgA GRU. Is é cuspóir an chiste an pointe cóimheasa a shárú.

Ciste Speictrim Comhardaithe:
Is é cuspóir na straitéise seo cobhsaíocht na suime caipitil a chinntiú, agus leibhéal measartha fáis san ioncam a sholáthar ón meántéarma go dtí an fadtéarma. Féadfaidh na torthaí teacht faoi réir éagsúlachtaí margaidh agus an riosca ann go dtiocfaidh laghdú ar an luach, go háirithe thar thréimhsí gearrthéarmacha. Is ilchuid de na hinnéacsanna rianaithe ag gach ceann de na Cistí SsgA GRU é innéacs pointe cóimheasa Chiste Comhardaithe SsgA. Is é cuspóir an chiste a innéacs pointe cóimheasa a rianú a chiallaíonn go gcoinnítear a laghad difir agus is féidir idir torthaí an chiste agus torthaí an innéacs.

Ciste Speictrim Fáis:
Tar éis athbhreithnithe ar mhea scán comhdhéanaimh sócmhainní na straitéisí go léi r dáileadh an measc án sócmhainní céanna ar an gCiste Fáis mar a dáileadh ar an gCiste Comhardaithe. Mar sin de, measadh go raibh sé cuí go mbogfaí na tairbhi the uilig sa Chi ste Fáis go dtí an Ci ste Comhardaithe ch un struchtúr scála táille bainistíochta níos ísle a fháil. Ar 7 Meán Fómhair 2011, cuireadh an t-aistriú i gcrích.

Cur chuige Infheistíochta

Baineann an straitéis infheistíochta a ghlac an tSeirbhís Chúirteanna le bainistiú bannaí agus cothromas ar bhonn éighníomhach, agus déantar bainistíocht ar airgead tirim ar bhonn gníomhach. Is Comhbhainisteoirí Infheistíochta iad State Street Global A dvisors Ireland Limited (S SgA) (Bank of Ireland Asset Mana gement (BIAM) roimh e sin) agus State Street Global Advisors London (SSgA).

Bhunaigh SSgA an struchtúr infheistíochta seo a leanas (Tábla 6) mar fhreagra ar na ceanglais infheistíochta do chistí cúirte agus le faomhadh Bhanc Ceannais na hÉireann:

Tábla 6 – Struchtúr Infheistíochta



San Iontaobhas Aonad Speictrim SSgA a léirítear i dTábla 6 thuas, infheistíonn na tairbhithe sna Cistí Speictrim (atá aibhsithe sa dath gorm). Tar éis sin, infheistítear na cistí sin sna cistí sonracha margaidh faoina mbun (atá aibhsithe sa dath buí), de réir na gcomhréireanna a thugtar i dTábla 3. Infheistítear 100% de Chiste Airgid Thirim GRU, agus den Chiste Airgid Thirim Plus agus de Chiste Banna Plus sa Chiste Airgid Thirim Euro SSgA GRU. Infheistíonn an Ciste Comhardaithe 45% sa Chiste Airgid Thirim Euro GRU, 20% sa Chiste Banna GRU, 15% sna Cothromais Limistéar an Euro agus 20% i gCothromais an Domhain seachas Limistéar an Euro GRU.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Bainistíocht na gCistí Cúirte:

Is forbhreathnú é an méid seo a leanas ar na socruithe rialachais agus bainistíochta atá i bhfeidhm I ndáil le cistí na cúirte:

- **An Coiste Infheistíochta:** Bunaíodh an Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na socruithe ar thug an Bord faomhadh dóibh maidir le bainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Is éard atá i mballraíocht an Choiste ná ionadaithe na mbreithiúna, na n-oifigeach cúirte agus baill sheachtracha neamhspleácha. (Féach ballraíocht an Choiste ar leathanach 6). Tagann an Coiste le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón Stiúrthóir Airgeadais, Comhairleoirí Infheistíochta agus Bainisteoirí Infheistíochta.

- **Comhairleoirí Infheistíochta:** Tar éis próiseas iomaíoch ceapacháin a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2008 de réir rialacha an AE, ceapadh Aon Hewitt mar chomhairleoirí infheistíochta neamhspleácha ar feadh trí bliana agus an rogha ann an conradh a leathnú ar feadh tri bliana ina dhiaidh sin. Ar na freagrachtaí atá acu, tá go dtugann siad comhairle ar réimse ábhar a bhaineann leis na cistí cúirte a bhainistiú agus a infheistiú.

- **Bainisteoirí Infheistíochta:** Cheap an tSeirbhís Chúirteanna SSgA Ireland Limited (Bank of Ireland Asset Management roimhe sin) agus State Street Global Advisors mar Chomhbhainisteoirí Infheistíochta, tar éis cleachtadh iomaíoch tairisceana sa bhliain 2003, de réir rialacháin soláthair an AE. Cuireadh tús le tairiscint an AE le haghaidh seirbhísí bainistiochta ciste le linn 2011 agus táthar ag súil leis go gcuirfear an measúnú tairisceana i gcrích ag deireadh 2011.

- **Iniúchadh Seachtrach:** Cuireadh socruithe i bhfeidhm le hiniúchadh a dhéanamh ar na cistí arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra. Cuireadh nósanna imeachta soláthair náisiúnta i bhfeidhm in 2011 agus ceapadh Grant Thornton mar iniúchóirí ar Thuarascáil agus Ráitis Airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.

- **Iniúchadh Inmheánach:** Tagann bainistiú na gcistí cúirte faoi réir iniúchta ag ár nAonad Iniúchta Inmheánaigh.

- **Bainistiocht Baoil:** Is amhlaidh mar chuid den bheartas agus den chreatlach bainistíochta riosca arna gcur i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna a thagann na cistí cúirte faoi réir monatóireachta agus athbhreithnithe rialta chun a chinntiú go mbainistítear gach mór-riosca go leordhóthanach.

  Lár-Oifig na gCistí: Tar éis athruithe a rinneadh ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus Dúiche, is leis an gCuntasóir anois an t-údarás dlíthiúil chun cistí a bhainistiú agus a infheistiú ón dá dhlínse sin, faoi réir an ordaithe cúirte iomchuí a bheith déanta. Táthar tar éis moltaí reachtúla a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Lár-Oifig Cistí a bhunú; oifig a dhéanfaidh foráil, i measc rudaí eile, d'iniúchadh na gcistí sin ag an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas.

FORLÉARGAS OIBRÍOCHTÚÍL

Le linn na bliana, phróiseáil Oifig an Chuntasóra 59,206 idirbheart airgeadais (73,000 sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2010). Is ionann sin agus luach airgid níos mó ná €1.1 billiún (€1.5 billiún sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2010). Táthar ag súil leis go méadóidh an ghníomhaíocht in Oifig an Chuntasóra sa bhliain 2012. Bhí breis agus 99% de na híocaíochtaí go léir arna bpróiseáil in Oifig an Chuntasóra don bhliain airgeadais faoi athbhreithniú laistigh de na heochairtháscairí feidhmíochta leagtha amach d'Oifig an Chuntasóra.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as ucht an tsaothair den scoth a rinneadh i gcaitheamh na bliana agus a rannchuir le seirbhís éifeachtúil a sheachadadh do mheascán éagsúil cliant. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a thug na haonaid ghnó eile sa tSeirbhís Chúirteanna agus do na soláthraithe seirbhíse seachtracha a chumasaigh Oifig an Chuntasóra chun a cuid cuspóirí a bhaint amach i rith na bliana.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta 21 Nollaig 2011

Baineann líon suntasach cistí a ndéanann Oifig an Chuntasóra bainistíocht orthu le daoine ar Coimircithe Cúirte iad agus a ndéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte bainistíocht ar a gcuid gnóthaí. Is forléargas gairid é an méid seo a leanas ar obair Oifig na gCoimircithe Cúirte.

Tá go leor daoine ann a chailleann an cumas a bhí iontu, mar thoradh ar thinneas nó timpiste, chun cinntí a dhéanamh dóibh féin; tá go leor daoine eile a bheirtear faoi mhíchumas intleachtúil agus nach bhfuil in ann, riamh, aire a thabhairt dá ngnóthaí féin.

Ceadaíonn córas na gCoimircithe Cúirte cinntí ionadacha a dhéanamh ionas go bhféadann an Chúirt na cinntí a dhéanamh is riachtanach leis an duine an chosaint agus le cosaint a dhéanamh ar mhaoin na ndaoine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach iontu. Is é bunphrionsabal na dlínse Coimircíochta ná go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna agus a d'fheidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Ní chuireann reacht aon teorainn leis an dlínse Choimircíochta, cé go ndéanann reachtaíocht agus rialacha cúirte foráil di, agus is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachta amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí agus dualgais fhíorleathana ag an gCúirt i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte freagrach as an dlínse agus, dá réir sin, tá an fhreagracht air nó uirthi as gnóthaí na gCoimircithe Cúirte a bhainistiú. Tarmligeann sé freagracht na gnáthbhainistíochta ar an gCláraitheoir agus ar fhoireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Ceapann an Chúirt Coiste, ar ball de theaghlaigh an Choimircí é de ghnáth, agus iarrtar air moltaí a dhéanamh ar ábhair éagsúla, mar shampla leas agus maoin an Choimircí agus a ionad nó a hionad cónaithe amach anseo.

Tagann Coimircíocht chun cinn i gcásanna ina mbíonn maoin ag duine atá faoi mhíchumas, ar gá í a chur in oiriúint ar mhaithe lena chothabháil nó a cothabháil agus a leas. Mar shampla, d'fhéadfaí go gcaithfí teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram i dteach altranais. Taisctear cistí le Coimircithe sa Chúirt i ndiaidh díola nó cuntais bhainc a dhúnadh, agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Tá an Cuntasóir freagrach as seirbhísí cuntasaíochta agus infheistíochta a chur ar fáil thar ceann na gCoimircithe Cúirte. Cinneann an Cláraitheoir an straitéis chuí infheistíochta do gach cás. Roghnaíonn an Cláraitheoir an cinneadh maidir leis an straitéis chuí, ag féachaint do shócmhainní an Choimircí agus a chuid nó a cuid riachtanas leanúnach airgeadais. Infheistítear na cistí sin ionas go ndéanfaidh siad foráil, de réir mar is féidir, do na riachtanais sin don chuid eile de shaol an Choimircí.

Glactar mionaoisigh, ar daoine faoi ocht mbliana déag d'aois iad, faoi Choimircíocht uaireanta. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh nuair atá an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a d'eascair as dámhachtain Chúirte nó as oidhreacht. Déantar na cistí a infheistiú, arís, de réir chinneadh an Chláraitheora i gceann amháin de na ceithre straitéis. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó caomhnóirí an mhionaoisigh. Tá an mionaoiseach i dteideal fuílleach na gcistí a fháil agus ocht mbliana déag d'aois bainte amach aige nó aici, mura bhfuil fianaise leighis ann a léiríonn éagumas meabhrach.

Feidhmíocht na gCistí GRU (Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011)

	Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	Ciste Innéacsaithe Banna SSgA GRU EMU	Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU	Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SsgA GRU
Toradh Punainne	1.19%	2.91%	-15.51%	-0.16%
Toradh Pointe Cóimheasa	1.00%	0.45%	-16.46%	-0.94%
Difríocht	+0.19%	+2.46%	+0.95%	+0.78%

Léirítear torthaí punainne mar mhéid comhlán de na táillí bainistíochta.

Feidhmíocht na gCistí Speictrim (Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011)

	Ciste Airgid Thirim Plus SSgA	Ciste Banna Plus SSgA	Ciste Comhordaithe SSgA	Ciste Fáis SSgA
Toradh Punainne	1.18%	2.83%	-0.16%	1.67%
Toradh Pointe Cóimheasa	1.25%	2.84%	-1.11%	0.81%
Difríocht	-0.07%	-0.01%	+0.94%	+0.85%

Nótaí:
Is méid comhlán den táille bainistíochta é feidhmíocht na gCistí Speictrim.

Chuir SSgA na pointí cóimheasa FTSE don Chiste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU agus do Chiste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU in oiriúint do cháin shiarchoinneálach dhíbhinne do-athfhála. Foinse: Datastream

Is trádmharc é "FTSETM" de chuid an London Stock Exchange Plc agus Financial Times Limited agus is faoi cheadúnas a úsáideann FTSE International Limited é.

Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU
Bhí an ghéarchéim fiachais cheannasach dhomhain san Eoraip chomh mór sin i gceist sa tréimhse faoi athbhreithniú. Mar gheall ar theip na bpolaiteoirí agus an lucht déanta beartas theacht ar chomhaontú faoin réiteach cuimsitheach ar bith ar na fadhbanna a chur i bhfeidhm, tharraing infheisteoirí siar ó na margaí a ba chúis le hardú mór i mbisigh riosca trasna sócmhainni riosca. Mhéadaigh torthaí banna rialtais go mór ach go háirithe sna tíorthaí a ndearnadh an dochar ba mhó dóibh, cuireadh Éire agus an Phortaingéil amach den mhargadh go hiomlán agus d'iarr siad ar chabhair mhaoinithe ón AE/IMF le linn na tréimhse. De dheasca na teipe chun déileáil leis na ceisteanna ar bhealach chinntitheach agus chuimsitheach leath an galar ó na margaí banna forimeallacha go dtí isteach sna croímhargaí banna. Ina theannta sin, bhain an bhagairt go loicfeadh tír an dúshraith de mhuinín infheisteoirí in earnáil bhaincéireachta na hEorpa go háirithe neamhchosaint mhór bhannaí rialtas ar a gcláracha comhardaithe. Le nádúr athraitheach na réiteach ar fhadhbanna Limistéar an Euro agus in éadan cúlra de shonraí geilleagracha maolaitheacha, bhí amhras ar an margadh faoin chuid is mó den nuacht ón réigiún. Dá dheasca sin, bhí drochthrádáil ag an Euro go fóill, bhí torthaí ísle curiarrachta ag bannaí rialtas na Gearm áine trasna an spictream aibíochtaí iomlán agus bhí maolú fós ar na margaí cothromais go háirithe ar stoic bhainc.

Mar gheall ar a leithéid seo de choinníollacha deacra margaidh agus de réir cuspóirí coimeádacha infheistíochta an chiste, mhéadaigh an chosaint ar an straitéis infheistíochta ar fud na bliana. Faoi dheireadh na tréimhse cuireadh le caighdeán an chreidmheasa tríd an dáileadh a aistriú ó bhainc go dtí earnáil an Rialtais agus na Gníomhaireachta. Chomhmaithlei s sin, laistigh de na hearnálacha seonío r ceadaíodh achfiacha gearrthéarmacha de chroíthíortha na hEorpa ar rátáil AAA sa phunann. Tugadh cead do líon bancáirithe ar rátáil AA nó A láidir fosta ach ar aibíochtaí iontach gairid, 1 mí de ghnáth.

Ciste Banna Innéacsaithe SSgA GRU EMU
Aistríodh pointe cóimheasa an chiste seo ar 28 Bealtaine 2010 go hInnéacs Díreach Rialtas EMU Bank of America Merrill Lynch a bhfuil Innéacs rátála AA/AAA aige (Innéacs an "Phointe Cóimheasa"). Dhéanadh an ciste rianú roimhe sin ar BofA Merrill Lynch thar an Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliain. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an phointe cóimheasa sin. Ba é 0.45% an toradh pointe cóimheasa don 12 mhí faoi athbhreithniú. Ba é 2.91% feidhmíocht an chiste don tréimhse. Bhain tréanfheidhmíocht 246 bonnphointe leis an gCiste le hais an phointe cóimheasa.

Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU
Is é In néacs seachas Eurobloc FTSE Forbartha an Domhain an pointe cóimheasa don chiste seo. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an phointe cóimheasa sin. Ba é -0.94% a n toradh pointe cóimheasa don 12 mí faoi athbhreithniú. Ba é -0.16% feidhmíocht an chiste don tréimhse. Sháraigh an ciste an pointe cóimheasa le 78 bonnphointe. Tá na sonraí feidhmíochta glan ar chostais choimeáid agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaithe agus iniúchóireachta. Is é an toradh In néacs FTSE á bhartha an toradh pointe cóimheasa, arna choigeartú ag SSgA don cháin shiarchoinneálach dho-athfhála.

Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU
Is é Innéacs Eurobloc FTSE an pointe cóimheasa don chiste seo. Bainistítear an ciste go héighníomhach i gcoinne an phointe cóimheasa sin. Ba é -16.46% an toradh pointe cóimheasa don 12 mí faoi athbhreithniú. Ba é -15.51% feidhmíocht an chiste thar an tréimhse. Sháraigh an ciste an pointe cóimheasa le 95 bonnphointe. Tá na sonraí feidhmíochta glan ar chostais choimeáid agus eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaithe agus iniúchóireachta. Is é an toradh Innéacs FTSE ábhartha an toradh pointe cóimheasa, arna choigeartú ag SSgA don cháin shiarchoinneálach dho-athfhála.

State Street Global Advisors Ireland Limited
Samhain 2011

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (CCB) agus post an Chuntasóra faoi Ailt 15 agus 16 faoi seach den Acht Oifigigh Cúirte 1926. Ní foláir don Chuntasóir trí Ordú 77, Riail 83 de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú ar an 31 Márta nó roimhe sin, cuntas a léiríonn suim iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh chuig an gCúirt agus ón gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair le linn na bliana roimhe sin. Ní mór go léireodh an cuntas comhardú na gcistí sa Chúirt ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana. Éilítear go gcuirfí cóipeanna den chuntas ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus chuig an Aire Airgeadais. Leagtar amach an bunús ullmhúcháin agus na beartais chuntasaíochta ar leathanach 24.

Bíonn gá le Cuntasóir chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí oifig an CCB agus ar thorthaí oifig an CCB don tréimhse sin. Ní mór don Chuntasóir agus é nó í ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais an CCB agus iad a chur i bhfeidhm go chomhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an CCB de bheith i bhfeidhm.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil i ndáil le hoibriú Oifig an Chuntasóra.

Ní féidir leis an gcóras ráthú absalóideach a thabhairt, ach is féidir ráthú réasúnach a thabhairt go dtugtar cosaint do shócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí nithiúla nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Eochair-Nósanna Imeachta Rialúcháin
Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá róil agus freagrachtaí sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm

Tá feidhm inmheánach iniúchóireachta ann, faoi na socruithe rialachais a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, agus oibríonn an fheidhm sin laistigh de chairt cheadaithe. Ceann d'eochairfheidhmeanna an aonaid iniúchta inmheánaigh is ea tuairisciú a dhéanamh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Dáta: 21 Nollaig 2011

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG
OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011, iniúchadh a chuimsíonn an Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dliteanais, an Ráiteas maidir le hOibríochtaí agus an Ráiteas maidir le hAthruithe sna Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go 18. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na mbeartas cuntasaíochta a leagadh amach ann.

Is don Chuntasóir agus dó sin amháin a ullmhaítear an tuarascáil seo, de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimid na hábhair sin nach foláir dúinn a lua i dtuarascáil iniúchóirí a lua leis an gCuntasóir agus chun na críche sin amháin. A mhéad is mó a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid aon fhreagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin d'aon duine ach amháin an Cuntasóir as ár n-obair iniúchóireachta, i leith na tuarascála seo, nó na dtuairimí atá ceaptha againn.

Freagrachtaí an Chuntasóra agus na nIniúchóirí faoi seach
Is é an Cuntasóir atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, de réir mar a leagtar amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gCuntasóirí, ullmhú na ráiteas airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus as na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Tá sé mar fhreagracht orainn, mar iniúchóirí neamhspleácha, na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanais dlí agus rialála ábhartha agus Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (RA agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim duit cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an ullmhaítear go cuí ia d de réir Rialacha na n Uaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus as na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Léamar an fhaisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain thuas ar a n-áirítear Tuarascáil an Choiste Infheistíochta, Tuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, Tuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, an Fhaisnéis Chúlra agus Faisnéis Bhreise de réir mar a chuirtear síos uirthi sa chlár ábhar, agus rinneamar measúnú maidir lena dhlúithe is a thagann sí leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaimid measúnú ar impleachtaí don tuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim an Iniúchta
Stiúramar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta Iniúchóireachta eisithe ag an mBord Cleachtas Iniúchóireachta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Déantar imscrúdú, mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha do na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Déantar measúnú chomh maith, mar chuid den iniúchadh ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a dhéanann an Cuntasóir agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige agus chun a fháil amach an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, an gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach agus an nochtar iad go cuí.

Rinneamar pleanáil dár n-iniúchadh agus thugamar faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a fháil, faisnéis agus sainmhínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG
OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (Ar lean)

Tuairim
Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2011 agus ar a toradh don bhliain dar críoch an dáta sin de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus as na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Tá an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche ár n-iniúchta faighte againn. Is í an tuairim atá againn ná gur choimeád an Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leabhair chuntais chuí. Tagann an ráiteas maidir le sócmhainní agus dliteanais agus an ráiteas maidir le hoibríochtaí leis na leabhair chuntais.

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
24-26 Cé na Cathrach
Baile Átha Cliath 2.

Dáta: 21 Nollaig 2011

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AG 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	Nótaí	**30/9/2011** **€**	30/9/2010 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	*4*	1,160,877,930	1,122,846,654
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	*5*	17,239,885	11,594,769
Banc	*6*	1,189,366	3,192,979
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA		18,429,251	14,787,748
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	*7*	(787,145)	(646,029)
DLITEANAIS REATHA IOMLÁNA		(787,145)	(646,029)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		17,642,106	14,141,719
GLANSÓCMHAINNí IOMLÁNA		1,178,520,036	1,136,988,373
Arna Léiriú ag:			
Cistí á sealbhú thar ceann tairbhithe	*8*	1,178,520,036	1,136,988,373

D'fhaomh Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na ráitis airgeadais ar 21 Nollaig 2011.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	Nótaí	**30/9/2011** **€**	30/9/2010 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh i rith na bliana	*10*	11,454,262	7,252,749
Glanathrú i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	*11*	(4,981,471)	20,081,168
Glanchaillteanais réadaithe ar aistriú sócmhainní	*12*	(1,657)	(845,381)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS ATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE		6,471,134	26,488,536
Ioncam infheistíochta	*13*	255,156	2,468,735
		6,726,290	28,957,271
Costais	*14*	(1,476,920)	(1,400,045)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		5,249,370	27,557,226

D'fhaomh an Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na ráitis airgeadais ar 21 Nollaig 2011.

Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	(1,221,764)	1,068,691
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	11,454,262	7,252,749
Glanathrú i (gcaillteanais)/ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(4,981,471)	20,081,168
Glanchaillteanais réadaithe ar aistriú sócmhainní	(1,657)	(845,381)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNí Ó OIBRÍOCHTAÍ	5,249,370	27,557,227
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	220,027,529	230,825,502
Eisíocaíochtaí	(183,745,236)	(174,903,579)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	36,282,293	55,921,923
Méadú iomlán i nglansócmhainní don bhliain	41,531,663	83,479,150
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,136,988,373	1,053,509,223
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,178,520,036	1,136,988,373

Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1. GINEARÁLTA – STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáilmhuiníneach thar ceann na dtairbhithe. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí a rialaíonn fáil, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí atá rialaithe ag an gCúirt:

- An tAcht Oifigigh Cúirte 1926

- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir

- Rialacha na nUaschúirteanna

- Rialacha na Cúirte Cuarda

- Rialacha na Cúirte Dúiche

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

(a) Bunús an ullmhúcháin
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus as na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Ghlac Oifig an Chuntasóra leis an díolúine atá ar fáil faoin FRS 1 um Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (athbhreithnithe) gan ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

(b) Luacháil Infheistíochtaí
Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairgthe i gcás ina luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar beartais árachais a luacháil ag a luach géilliúna de réir mar a dhearbhaíonn na cuideachtaí árachais go neamhspleách iad. Déantar infheistíochtaí a luacháil ag a luach taisce, lena n-áirítear, ús a fhabhraítear ag deireadh na bliana.

(c) Ioncam
Déantar ioncam úis agus díbhinne a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe.

(d) Gnóthachain agus caillteanais réadaithe
Déantar idirbhearta infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn dáta trádála. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe a ríomh ar an mbunús an ceann is túisce isteach, an ceann is túisce amach. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a ríomh ar an meánbhonn. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí a thaifeadadh sa ráiteas maidir le hoibríochtaí.

(e) Costais
Cuirtear costais chun cuntais ar bhonn fabhraithe. Déantar costais a ghearradh ar an ráiteas maidir le hoibríochtaí, seachas costais a tabhaíodh ar infheistíocht a ghnóthú, agus cuirtear iad sin san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Gearrtar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe ar na glanghnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí.

3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

3.1 Táillí Cúirte:

Is freagracht thromchúiseach í an fhreagracht dhlíthiúil a fheidhmíonn na cúirteanna, a cheanglaíonn go ndéanfar bainistíocht chuí ar na cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas, thar ceann agus chun sochair na dtairbhithe. Tá go leor de na tairbhithe ar na daoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar Coimircithe Cúirte iad, agus daoine eile ar mionaoisigh faoi bhun ocht mbliana déag d'aois iad. D'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn an tSeirbhís Chúirteanna a freagracht as tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna agus do na breithiúna i ndáil leis na cistí sin, is gá go mbíonn acmhainní agus córais iomchuí i bhfeidhm do bhainistiú na gcistí sin. Áirítear leo sin freisin úsáid acmhainní seachtracha, mar shampla Comhairleoirí Infheistíochta, Iniúchóirí agus Bainisteoirí Infheistíochta. Gearrtar táillí cúirte agus muirir eile mar ranníocaíocht i dtreo chostais na n-oibríochtaí sin ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gcistí cúirte. Tá na muirir sin mar chuid d'Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte agus is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus an tAire Airgeadais a cheadaíonn iad.

Gearradh táillí cothrom le €1.323 milliún (2010: €1.303 milliún) mar thoradh ar idirbhearta a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2011. Anuas ar na táillí sin, gearradh €0.134 milliún (2010: €0.095 milliún) i ndáil le céatadáin chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte.

3.2 Táillí Bainistíochta Infheistíochta:

Ag tús an chonartha in 2003, comhaontaíodh scála táillí bainistíochta infheistíochta le Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors agus glacadh san áireamh é mar chuid den Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta. Chríochnaigh State Street Global Advisors éadáil Bank of Ireland Asset Management i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus is iad na Comhairleoirí Infheistíochta amhain iad. Ba iad seo a leanas na táillí bainistíochta infheistíochta a gearradh ar na cistí cúirte sa tréimhse atá faoi athbhreithniú mar chéatadán de Ghlanluach Sócmhainní na gcistí aonadaithe:

Airgead Tirim:	0.03% (2010: 0.02%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Airgead Tirim Plus:	0.05% (2010: 0.11%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Banna Plus:	0.10% (2010: 0.11%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Comhardaithe:	0.06% (2010: 0.24%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011

3.3 Táillí Riaracháin agus Coimeádta:

Is táillí idirbhirt iad seo á ngearradh ag an Riarthóir agus ag an gCoimeádaí.

Ba iad seo a leanas na táillí riaracháin agus coimeádta a gearradh mar chéadadán de ghlanluach sócmhainní na gcistí aonadaithe ag deireadh na bliana:

Airgead Tirim:	0.01% (2010: 0.01%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Airgead Tirim Plus:	0.01% (2010: 0.01%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Banna Plus:	0.01% (2010: 0.01%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011
Comhardaithe:	0.01% (2010: 0.01%) Glanluach Sócmhainní ag 30 Meán Fómhair 2011

4.	**INFHEISTÍOCHTAÍ**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Cistí Aonadaithe BIAM	1,138,829,317	1,097,311,276
	Cistí Bainistithe	2,319,546	3,421,486
	Cothromais	2,422,242	4,260,081
	Bannaí Rialtais	3,966,235	920,154
	Cuntais taisce	12,555,078	16,046,063
	Cairteacha Coigiltis An Post	110,648	181,089
	Polasaithe árachais	674,864	706,505
	Punann Infheistíochtaí	1,160,877,930	1,122,846,654

5.	**FÉICHIÚNAITHE**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Suimeanna cúirte a dámhadh ach nach bhfuarthas fós	17,205,405	11,560,009
	Ioncam Fabhraithe	34,480	34,760
		17,239,885	11,594,769

Áirítear le hioncam fabhraithe díbhinní infhaighte agus ús fabhraithe ar chuntais taisce i rith 2011 a taifeadadh de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

6.	**BANC**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Airgead tirim sa bhanc	1,189,366	3,192,979

7.	**CREIDIÚNAITHE**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Cáin scoir iníoctha (Féach Nóta 10)	787,145	646,029

8. CISTÍ Á SEALBHÚ THAR CEANN TAIRBHITHE	30/9/2011 €	30/9/2010 €
Suimeanna á sealbhú do choimircithe cúirte	757,313,762	729,239,831
Suimeanna á sealbhú do mhionaoisigh	263,085,682	269,181,821
Suimeanna á sealbhú ar feitheamh tuilleadh cásanna orduithe	76,274,415	66,713,355
Suimeanna á sealbhú do thiomnachtaí carthanachta	1,832,971	3,036,786
Suimeanna á sealbhú do thaiscí leis an gcosaint	13,220,599	11,956,527
Eile (féach an nóta thíos)	66,792,607	56,860,053
	1,178,520,036	1,136,988,373

San áireamh in Eile, tá suim €40,845,276, maidir le ciste amháin ar a dtugtar an "Ciste Cúitimh Árachais" a bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964 le freastal ar a dhliteanais áirithe árachóirí dócmhainneacha, chun forail a dhéanamh go dtabharfadh an tAire Airgeadais deontas nó iasachtaí don chiste agus chun ranníocaíochtaí a ghlacadh a thabharfadh árachóirí don chiste.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Rioscaí Infheistíochta
Is bainisteoirí gairmiúla ceaptha a bhainistíonn na hinfheistíochtaí a ndéanann Oifig an Chuntasóra bainistíocht orthu agus glacann na bainisteoirí sin straitéisí infheistíochta comhaontaithe. Tá riosca mar bhunchuid d'aon straitéis infheistíochta. Is é Street Global Advisors Ireland Limited ("SSgA") atá mar Bhainisteoir Infheistíochta ag Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán State Street Global Advisors de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta.

Ceapadh State Street Glo bal Advisors Limited ("SSgA Limited") mar Fho-Chomhairleoir do Chiste Airgid Thirim GRU i rith na bliana. Tá siad anois freagrach as sócmhainní a roghnú do na cistí go léir laistigh de Chistí Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhlán SSgA.

Is é State Street Global Advisors Limited ("SSgA") a fheidhmíonn mar Chomhairleoir Infheistíochta ar Chiste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU, Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain Seachas Limistéar an Euro SSgA GRU agus Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta le SSgA Ireland Unit Trust Management Limited.

Agus na beartais agus na cuspóirí infheistíochta á lorg nochtar na Cistí do rioscaí éagsúla airgeadais: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca maidir le praghas an mhargaidh, riosca rátaí úis agus riosca airgeadra), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a d'fhéadfadh laghdú ar ghlansócmhainní na gCistí a bheith mar thoradh orthu.

Tá clár bainistíochta riosca foriomlán na gCistí dírithe ar an gcaoi nach féidir na margaí airgeadais a thuar agus déanann sé iarracht laghdú a dhéanamh ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais na gCistí.

Is iad seo a leanas na rioscaí agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistíocht na rioscaí.

Riosca Margaidh

(a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraime airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Bíonn urrúis na gCistí nochta do riosca maidir le praghas an mhargaidh de bharr

éiginnteachta faoi phraghsanna na n-ionstraimí amach anseo. Is é luach coir na n-ionstraimí airgeadais a chinntíonn an riosca is mó de bharr ionstraimí airgeadais.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht rioscaí maidir le praghas an mhargaidh a mhaolú laistigh de na Cistí trí chloí leis na srianta infheistíochta ar tugadh cuntas orthu sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí bainteacha. Cinntíonn na srianta infheistíochta seo go bhfuil na Cistí éagsúlaithe mar is cuí agus nach bhfuil siad comhchruinnithe an iomarca laistigh d'infheistíochtaí faoi leith.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

Riosca Margaidh (Ar lean)

(a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh

Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU
Déanann Ciste Cothromais Limistéar an Euro SSgA GRU iarracht feidhmíocht Innéacs Eurobloc FTSE a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Is éard atá san Innéacs sin ná pointe cóimheasa ualaithe de réir luach iomlán margaidh na gcothromas urrúis liostaithe nó á dtrádáil ar Mhargaí Rialaithe i Limistéar an Euro. Áirítear leo sin thart faoi 260 stoc san Innéacs atá ualaithe de réir luach iomlán margaidh na dtíortha atá ar an Innéacs, agus ag luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU
Déanann Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU iarracht feidhmíocht Innéacs FTSE an Domhain seachas Eurobloc a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Tá thart faoi 1,650 stoc san Innéacs agus iad ualaithe de réir luach iomlán margaidh stoc na dtíortha atá ar an Innéacs agus luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU
Tá iarracht ar bun ag Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU ó 28 Bealtaine 2010 i leith feidhmíocht Innéacs Díreach Rialtas BofA Merrill Lynch EMU a bhfuil rátáil AA/AAA aige a leanúint a dhlúithe agus is féidir a dhéanamh go réasúnta. Dhéanadh sé iarracht roimhe sin Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliain Merrill Lynch a leanúint. Is éard atá san Innéacs ná pointe cóimheasa ualaithe de réir luach iomlán margaidh thart faoi 120 urrús fiachais de chuid Rialtas i Limistéar an Euro agus iad ar ráta seasta de ghrád infheistíochta agus an Euro ina aonad airgeadra acu le haibíochtaí, ag tráth na hinfheistíochta, atá breis is 5 bliain d'aois.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochtaí na gCistí agus déanann sé comparáid laethúil idir staid reatha na gCistí agus an innéacs.

Bíonn earráid ábhartha rianaithe ann má scartar ó stádas an innéacs, tar éis aon chostas idirbhearta gaolmhar a chur san áireamh agus déantar an scéal a chur ina cheart láithreach.

Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU
Déanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht riosca maidir le praghas an mhargaidh a mhaolú laistigh den Chiste trí chloí leis na srianta infheistíochta ar tugadh cuntas orthu sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí bainteacha. Cinntíonn na srianta infheistíochta seo go bhfuil an Ciste éagsúlaithe mar is cuí agus nach bhfuil siad comhchruinnithe an iomarca laistigh d'infheistíochtaí faoi leith.

Cinntíonn na critéir chun sócmhainní a leithdháileadh a úsáideann an Bainisteoir Infheistíochta go n-infheistítear na sócmhainní laistigh den Chiste ar fud criosanna éagsúla eacnamaíocha agus earnálacha infheistíochta.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phroifíl infheistíochta reatha na gCistí agus déanann sé/sí comparáid idir staideanna reatha na gCistí agus na spriocstaideanna nó staideanna idéalacha ar bhonn laethúil. Bíonn earráid ábhartha rianaithe ann má scartar ó stádas an innéacs, tar

éis aon chostas idirbhearta gaolmhar a chur san áireamh agus déantar an scéal a chur ina cheart láithreach.

Ag 30 Meán Fómhair 2011, tá tionchar ag trí phríomh-chomhchuid, athruithe i bhfiorphraghasanna margaidh, ar rátaí úis, agus gluaiseachtaí in airgeadraí coimhthíocha, ar riosca margaidh na gCistí. Léirítear an ráta úis agus gluaiseachtaí in airgeadraí coimthíocha sna nótaí thíos.

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ar na glansócmhainní inchurtha i dtaca le sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte sna Cistí éagsúla dá dtiocfadh méadú 20% ar an innéacs pointe cóimheasa ábhartha (á ríomh in Euro) ag 30 Meán Fómhair 2011, agus 30 Meán Fómhair 2010, agus dá bhfanfadh na hathróga eile go léir mar a bhí.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

Riosca Margaidh (Ar lean)

(a) Riosca maidir le praghas an mhargaidh (Ar lean)

Ainm an Chiste	Pointe Cóimheasa Innéacs	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste amhail ar 30 Meán Fómhair 2011	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste amhail ar 30 Meán Fómhair 2010
Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU	FTSE Innéacs an Eurobloc	20.030%	19.963%
Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU	FTSE Forbartha an Domhain Seachas Innéacs an Eurobloc	19.827%	19.864%
Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU	BofA Merrill Lynch Innéacs rátála AA/AAA Díreach Rialtais EMU	19.257%	19.747%

Léiríonn an anailís thuas, mar shampla, dá dtiocfadh méadú 20% ar Innéacs FTSE an Eurobloc i dtéarmaí an Euro ag 30 Meán Fómhair 2011, agus dá bhfanfadh na hathróga eile go léir mar a bhí, dhéanfadh sé seo méadú thart faoi 20.03% (2010: 19.96%) ar na glansócmhainní inchurtha i dtaca le sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU.

Mar mhalairt air sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Innéacs FTSE an Eurobloc i dtéarmaí an Euro agus dá bhfanfadh na hathróga eile go léir mar a bhí, dhéanfadh sé seo laghdú thart faoi 20.03% ar na glansócmhainní ionchurtha i dtaca le sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU (2010: 19.96%).

Níl innéacs pointe cóimheasa ag Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU.

Déanann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais bainistiú ar phunann infheistíochtaí ("cistí a bhainistítear go hinmheánach") lena n-áirítear:

- Cistí Bainistithe;
- Cothromais;
- Bannaí Rialtais;
- Cuntais taisce;

- Cairteacha Coigiltis An Post; agus
- Polasaithe árachais.

Is ionann na cistí a bhainistítear go hinmheánach agus 1.90% (2010: 2.27%) den phunann infheistíochtaí iomlán. Déantar na cistí bainistithe, na cothromais agus na bannaí rialtais a luacháil ag luach an mhargaidh agus infheistítear iad i margaí leachtacha. Tá na hinfheistíochtaí seo nochta do riosca maidir le praghas an mhargaidh. Déanann an lucht bainistíochta na hinfheistíochtaí seo a bhainistiú go hinmheánach gach seachtain.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Riosca Airgeadra

Is éard atá i riosca airgeadra ná an baol go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraime airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche.

Níl Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU ná Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU ná Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU, nochta go díreach d'aon riosca airgeadra coigríche óir is in Euro atá na sócmhainní agus na dliteanais go léir óir is é sin airgeadra feidhmeach na gCistí.

Is in airgeadraí eile seachas an Euro atá sócmhainní, dliteanais agus ioncam Chiste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU, bíodh is gurb é an Euro airgeadra feidhmeach na gCistí go léir. Is iad na hairgeadraí suntasacha ná Dollar na Stát Aontaithe, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar na hAstráile, Dollar Cheanada agus Franc na hEilvéise. Ar an ábhar sin tá sé nochta do riosca airgeadra óir beidh luach na n-urrús ag luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche. Déantar an t-ioncam a fhaightear in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro nuair a fhaightear é. Is é cuspóir infheistíochta an Chiste ná feidhmíocht Innéacs FTSE an Domhain seachas an Eurobloc a leanúint a dhlúithe agus is féidir go réasúnta.

Ní dhearnadh aon athruithe ábhartha i rith na tréimhse seo do bheartais na gCistí, ná do na próisis trína ndéantar bainistiú ar riosca airgeadra, ná do na modhanna a úsáidtear chun an riosca a áireamh.

Léiríonn an tábla seo a leanas gabháltais i ngach airgeadra do Chiste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU agus an tionchar ar NAV de ghuaiseacht de +/-10% in achan ceann de na hairgeadraí seo ag 30 Meán Fómhair 2011.

Airgeadra trádála	**% gabháltas**	**% gluaiseacht**	**Tionchar ar NAV**
Dollar na Stát Aontaithe	55.99%	10.00%	5.60%
Yen na Seapáine	11.04%	10.00%	1.10%
Pound na Breataine	10.78%	10.00%	1.08%
Dollar Cheanada	5.21%	10.00%	0.52%
Franc na hEilvéise	4.29%	10.00%	0.43%
Dollar na hAstráile	4.08%	10.00%	0.41%
Won na Cóiré Theas	2.67%	10.00%	0.27%
Dollar Hong Cong	2.10%	10.00%	0.21%
Krona na Sualainne	1.44%	10.00%	0.14%
Dollar Singeapóir	0.91%	10.00%	0.09%
Krone na hIorua	0.57%	10.00%	0.06%
Kroner na Danmhairge	0.51%	10.00%	0.05%
Seiceal Nua an Iosrael	0.33%	10.00%	0.03%
Dollar na Nua-Shéalainne	0.06%	10.00%	0.01%

(b) Riosca Airgeadra (Ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas gabháltais i ngach airgeadra agus an tionchar ar NAV de ghuaiseacht de 10% in achan ceann de na hairgeadraí seo ag 30 Meán Fómhair 2010.

Airgeadra trádála	% gabháltas	% gluaiseacht	Tionchar ar NAV
Dollar na Stát Aontaithe	54.86%	10.00%	5.49%
Yen na Seapáine	11.40%	10.00%	1.14%
Pound na Breataine	10.92%	10.00%	1.09%
Dollar Cheanada	4.79%	10.00%	0.48%
Franc na hEilvéise	4.62%	10.00%	0.46%
Dollar na hAstráile	4.08%	10.00%	0.41%
Won na Cóiré Theas	2.77%	10.00%	0.28%
Dollar Hong Cong	2.28%	10.00%	0.23%
Krona na Sualainne	1.74%	10.00%	0.17%
Dollar Singeapóir	1.00%	10.00%	0.10%
Krone na hIorua	0.61%	10.00%	0.06%
Kroner na Danmhairge	0.49%	10.00%	0.05%
Sheiceal Nua an Iosrael	0.38%	10.00%	0.04%
Dollar na Nua-Shéalainne	0.06%	10.00%	0.01%

Is in Euro atá na cistí go léir a bhainistítear go hinmheánach, agus is é sin airgeadra feidhmeach na ráiteas airgeadais agus ar an ábhar sin níl siad nochta d'aon riosca airgeadra.

(c) Riosca maidir le Rátaí Úis

Tá na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais a n-íoctar ús orthu ag Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU agus ag Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU agus is iadsan a nochtann iad do rioscaí ó thaobh a stádas airgeadais agus a sreabhadh airgid de thoradh luaineachta i rátaí úis an mhargaidh.

Is é aidhm Chiste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU ná feidhmíocht Innéacs Banna Díreach Rialtais EMU 5 Bliain+ Merrill Lynch a leanúint a dhlúithe agus is féidir go réasúnta. Infheisteoidh an Bainisteoir Infheistíochta ina leithéid d'infheistíochtaí, rud a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an Chiste feidhmíocht an innéacs bhunaidh a dhlúithe agus is féidir go réasúnta. Ní dhéanann sé aon iarracht an nochtadh do riosca rátaí úis a bhainistiú laistigh den Chiste.

Is trí phróiseas roghnaithe infheistíochta an Bhainisteora Infheistíochta a dhéantar cuid de bhainistiú riosca na rátaí úis i gcás Chiste Airgid Thirim Euro SSgA GRU. Áirítear leis seo réamhaisnéisí faoi rudaí a tharlóidh agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus ar mharthanacht. I gcomhréir le beartas an Chiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar íogaireacht fhoriomlán an Chiste ó thaobh úis de.

Níl urrúis le hús ag Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU ná ag Cistí Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU agus ar an ábhar sin ní nochtar na Cistí sin d'aon riosca ó thaobh rátaí úis.

Ní dhearnadh aon athruithe ábhartha ó dheireadh na bliana seo caite ar bheartais na gCistí, ná ar na próisis trína mbainistítear riosca na rátaí úis, ná ar na modhanna a úsáidtear chun riosca a áireamh.

Déantar íogaireacht ó thaobh rátaí úis a áireamh trí mharthanacht, agus is é sin tomhas an tionchair a bheadh ar Luach Ghlansócmhainní an Chiste dá dtiocfadh athrú 100 ar bhunphointe na rátaí úis. Tá meánaibíocht ualaithe 36 lá ag Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU ag 30 Meán Fómhair 2011 (2010: 43 lá). Tá gach ciste eile innéacsaithe.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(c) Riosca maidir le Rátaí Úis (ar lean)

Mínítear sa tábla seo a leanas % an tionchair a bheadh ar Ghlansócmhainní Chiste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU a bhfuil urrúis aige agus ús iníoctha orthu dá mbeadh athrú 1% ar na rátaí úis.

Ainm an Chiste	% Athraithe i nGlanshócmhainní an Chiste ag glacadh le hathrú 1% i rátaí úis ag 30 Meán Fómhair 2011	% Athraithe i nGlansócmhainní an Chiste ag glacadh le hathrú 1% i rátaí úis ag 30 Meán Fómhair 2010
Ciste Banna Innéacsaithe SSgA GRU EMU	6.450	6.540
Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	0.099	-

Tabhair faoi deara gur féidir an tábla thuas a mhíniú ach a rá go dúirt sé go mbeadh titim 6.450% (2010: 6.540%) i nGlanluach Sócmhainne an Chiste mar thoradh ar mhéadú 1% i rátaí úis agus a mhalairt.

Níor bhain aon cheann de na Cistí leas as giaráil chaipitiúil agus ní bhfuair siad iasachtaí ar mhaithe le leachtacht i rith na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2011 agus 30 Meán Fómhair 2010, agus ní raibh aon ús iníoctha i rith na bliana. Ar an ábhar sin ní raibh na Cistí nochta do riosca rátaí úis de bharr luaineachtaí mífhabhracha sna rátaí úis iníoctha.

Níl an B ainisteoir Infheistíochta ag súil leis go n-athróidh an stádas seo san chéad tréimhse tuarascála eile.

Beidh an fáltas a ghineann ioncam na gcistí sin a bhainistítear go hinmheánach, go mór mór na cuntais Taisce agus Cairteacha Coigiltis An Post, nochta do luaineacht na rátaí úis. Meastar, áfach, nach bhfuil ann ach riosca an-bheag.

(d) Riosca Creidmheasa

Tá na Cistí nochta do riosca creidmheasa. Is é sin an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisiúnaí in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite.

Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU
Déanann Deasc Ioncaim Sheasta SSgA agus Foireann Chomhlíonadh Punainne an Bhainisteora Infheistíochta monatóireacht laethúil ar ráta creidmheasa reatha gach suíomh laistigh de na Cistí le cinntiú go sásaíonn an Ciste i gcónaí na riachtanais maidir le ráta creidiúnaithe agus srianta an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméadúchán an Chiste.

Lena chois sin cinntíonn Deasc Ioncaim Sheasta SSgA agus Foireann Chomhlíonadh Punainne an Bhainisteora Infheistíochta go bhfuil éagsúlú infheistíochtaí cuí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU
Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar ráta creidiúnaithe gach suíomh laistigh den Chiste le cinntiú go sásaíonn an Ciste riachtanais agus srianta ráta creidiúnaithe an Chiste a bhfuil cuntas orthu i ndoiciméadúchán an Chiste.

Cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta freisin go bhfuil éagsúlú infheistíochta cuí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, ach é ag díriú ar phríomhchuspóir an chiste, is é sin le rá, feidhmíocht Innéacs Díreach Rialtais EMU BofA Merrill Lynch le rátáil AA/AAA a leanúint a dhlúithe agus is féidir go réasúnta.

Is iad méid na sócmhainní airgeadais atá á iompar is fearr a léiríonn uasmhéid an nochta do riosca creidmheasa ar dháta an chláir chomhardaithe.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(d) Riosca Creidmheasa (Ar lean)

Tá urrúis a bhfuil ús iníoctha orthu ag Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU agus Ciste Banna Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU EMU agus iad nochta do na rioscaí creidmheasa seo a leanas ag 30 Meán Fómhair 2011 agus 30 Meán Fómhair 2010.

Ainm an Chiste	Amhail ar 30 Meán Fómhair 2011		Amhail ar 30 Meán Fómhair 2010	
	Grád Infheistíochta	Grád Neamhinfheistíochta	Grád Infheistíochta	Grád Neamhinfheistíochta
Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU	100%	-	100%	-
Ciste Banna Innéacsaithe SSgA GRU EMU	100%	-	100%	-

Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU
Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU
Tá na Cistí nochta do riosca creidmheasa. Is é sin an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisiúnaí in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite. Seo a leanas nochtadh creidmheasa an Chiste:

- an riosca go gcaillfear an t-airgead tirim atá i seilbh JP Morgan ar an dáta tuairiscithe; agus
- an riosca nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach seachadfaidh siad na hurrúis ar íoc na Cistí astu.

Thug Standard & Poor's ráta "A+" do JP Morgan maidir le fiachas fadtéarmach agus meastar nach fiú trácht ar an riosca go mainneoidh siad.

Socraítear agus íoctar as gach idirbheart a bhaineann le hurrúis liostaithe nuair a sheachadtar iad ag J.P. Morgan Bank (Ireland) plc (an "Coimeádaí") agus úsáideann an Coimeádaí bróicéirí faofa chuige sin.

Caithfidh an Bainisteoir Infheistíochta na bróicéirí go léir a fhaomhadh sula bhféadfaidh Bainisteoir Infheistíochtaí na gCistí déileáil leo agus chuige sin ní mór a gcuntais bhliantúla a fháil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Meastar nach bhfuil ann ach riosca an-bheag go mainneoidh na bróicéirí, mar ní sheachadtar na hurrúis a díoladh go dtí go bhfaigheann an bróicéir an íocaíocht agus íoctar as an gceannachán nuair a fhaigheann an bróicéir na hurrúis.

Ar an ábhar sin is í tuairim an Bhainisteora Infheistíochta gur beag an riosca atá ann go dteipfidh ar na contrapháirtithe a gcuid dualgas i leith an Chiste a chomhlíonadh.

Meastar nach bhfuil ach riosca an-bheag i gceist i gcás na gcistí a bhainistítear go hinmheánach.

(e) Riosca leachtachta

Is éard atá i riosca leachtachta ná an riosca go mbeidh deacracht ag aonán a dhualgais a bhaineann le dliteanais airgeadais a chomhlíonadh, a socraítear iad trí airgead tirim nó trí shócmhainní airgeadais eile a sheachadadh.

Déanann na Cistí a gcuid sócmhainní go léir a infheistiú i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na Cistí go léir nochta do dhéileáil sheachtainiúil. Tá gach fuascailt a dhéantar ar aonaid infhuascailte sna Cistí iníoctha laistigh de 2 lá gnó ó lá gnó na fuascailte.

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(e) Riosca leachtachta (Ar lean)

Ciste Cothromais Innéacsaithe Limistéar an Euro SSgA GRU
Ciste Cothromais Innéacsaithe an Domhain seachas Limistéar an Euro SSgA GRU
Ciste Banna Innéacsaithe SSgA GRU EMU
Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar stádas leachtachta na gCistí. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta athbhreithnithe laethúla ar stádas leachtachta na gCistí, idir stádas reatha agus stádas sa todhchaí, agus déanann sé nó sí deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Ciste Airgid Thirim Euro SSgA GRU

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar stádas leachtachta an Chiste. Is í Foireann Airgid Thirim an Chomhairleora Infheistíochta go sonrach a dhéanann monatóireacht ar riosca leachtachta laistigh den Chiste. Déanann Foireann Airgid Thirim an Chomhairleora Infheistíochta athbhreithnithe laethúla ar stádas leachtachta an Chiste, idir stádas reatha agus stádas sa todhchaí, agus déanann sé nó sí deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Tá sé ar chumas na gCistí go léir iasachtaí a fháil sa ghearrthéarma chun socruithe a chinntiú. Tá sé ceadaithe de réir Réamheolaire na gCistí gur féidir iasacht ar fiú 10% de ghlansócmhainní na gCistí é a fháil uair ar bith ar mhaithe le cuntas aon Chistí, agus féadfaidh an Coimeádaí táille a ghearradh ar shócmhainní a leithéid de Chistí mar shlándáil i leith a leithéid d'iasachtaí, ar an gcoinníoll gur chun chuspóirí sealadacha amháin a fhaightear iasachtaí den sórt sin.

Ní fhaigheann na Cistí iasachtaí de ghnáth agus ní raibh aon iasacht acu ar dháta an chláir chomhardaithe. (2010: Neamhní)

Tá dliteanais airgeadais na gCistí uile iníoctha laistigh de mhí amháin. Ar an ábhar sinm heas an Bainisteoir Infheistíochta gur beag an riosca atá ann go mbeadh na Cistí i mbaol de bharr easpa leachtachta.

Tá na cistí a bhainistítear go hinmheánach le fáil i margadh atá an-leachtach agus is féidir teacht orthu gan ach fógra gearr a thabhairt. Meastar, ar an ábhar sin, nach bhfuil ann ach riosca an-bheag ó thaobh leachtachta de.

10.	**GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	16,147,259	9,843,818
	Lúide:		
	Cáin scoir (i)	(4,580,078)	(2,562,789)
	Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún bróicéirí (ii)	(112,919)	(28,280)
	Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	11,454,262	7,252,749

(i) Tugtar údarás san Acht Airgeadais 2003 don tSeirbhís Chúirteanna cánacha scoir a eascraíonn ó dhiúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe bunaithe ag SSgA agus cuntas a thabhairt orthu. Ríomhtar an cháin ag ráta 30% (2010: 28%) agus í iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(i) Is taillí é an tobhach frithchaolúcháin a ghearrtar ar na fuascailtí aonadaithe.

11.	**GLANATHRÚ I nGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Athrú i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí i rith na bliana	(3,623,535)	21,384,151
	Lúide:		
	Táillí bainistíochta infheistíochta (Nóta 3.2)	(879,660)	(966,692)
	Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún bróicéirí (ii)	(149,555)	(60,685)
	Táillí ilghnéitheacha na gcistí bainistithe (i)	(328,721)	(275,606)
	Glanathrú (i gcaillteanais)/i ngnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(4,981,471)	20,081,168

(i) Áirítear leis na táillí sin, muirir idirbhirt, táillí iniúchta, táillí cosanta, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.

(ii) Is taillí é an tobhach frithchaolúcháin a ghearrtar ar na fuascailtí aonadaithe.

12.	**GLANCHAILLTEANAIS RÉADAITHE AR AISTRIÚ SÓCMHAINNÍ**	**30/9/2011**	30/9/2010
		€	€
	Glanchaillteanais ar aistriú cothromas	(1,657)	(845,381)

12. GLANCHAILLTEANAIS RÉADAITHE AR AISTRIÚ SÓCMHAINNÍ (AR LEAN)

D'eascair na glanchaillteanais seo as aistriú cothromas amach as coimeád na cúirte, arna sealbhú in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Tugadh na cothromais sin faoi bhráid na Cúirte ar dtús nuair a rinneadh Coimircí Cúirte de dhuine, agus rinneadh iad a thaifeadadh sna cuntais ar a margadhluach ag an tráth sin. Léiríonn an glanchaillteanas glanlaghdú i luach na gcothromas tráth ar aistríodh na cothromais amach as an gcúirt, faoi mar a ordaíodh in ordú cúirte. Caillteanas ar pháipéar is ea an glanchaillteanas dá dtagraítear toisc nár díoladhna cothromais.

13. IONCAM INFHEISTÍOCHTA

	30/9/2011	30/9/2010
	€	€
Ús Taisce	127,527	1,782,601
Díbhinní	110,514	144,786
Scaireanna in ionad díbhinní	7,349	6,977
Ús ar infheistíochtaí eile	5,419	5,804
Díol eisiúna de cheart	4,347	527,848
Eile	-	719
	255,156	2,468,735

Léirítear ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach. Áirítear le hÚs Taisce in 2011 agus 2010 ioncam ó ús taisce fabhraithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

14. COSTAIS

	30/9/2011	30/9/2010
	€	€
Táillí cúirte (Nóta 3.1)	1,457,039	1,398,532
Táillí bróicéirí	19,416	100
Muirir bhainc	465	1,413
	1,476,920	1,400,045

15. IONCAM EILE

Léirítear ioncam eile le hioncam blianachta, roghanna cearta díolta agus ús ar thaiscí déanacha inter alia.

16. TOMHAS AN LUACHA CHÓIR

Ghlac Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leis an leasú ar Ionstraim Airgeadais FRS 29: Nochtadh, ag a bhfuil feidhm i leith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011. Leis seo, ceanglaítear ar an Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ionstraimí airgeadais a nochtadh trí ordlathas luacha chóir a léiríonn tábhacht na n ionchur a úsáidtear chun na tomhais a dhéanamh.

Is iad seo a leanas na trí leibhéal den ordlathas luacha chóir:

- Praghasanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhchosúla (Leibhéal 1).

- Ionchuir seachas praghasanna luaite a áirítear le leibhéal 1 atá inbhraite i leith na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (.i. mar phraghasanna) nó go hindíreach (.i. díorthaithe ó phraghasanna) (Leibhéal 2).

- Ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (.i. ionchuir neamh-inbhraite) (Leibhéal 3).

Is ar bhonn ionchur an leibhéal is ísle atá tábhachtach don tomhas luacha chóir ina iomláine a dhéantar an leibhéal san ordlathas luacha chóir ina n-aicmítear an tomhas luacha chóir ina iomláine a chinneadh. Chuige sin, déantar tábhacht ionchuir a mheasúnú i leith an tomhais luacha chóir ina iomláine. Má úsáideann tomhas luacha chóir ionchuir inbhraite a mbíonn coigeartú suntasach bunaithe ar ionchuir neamh-inbhraite de dhíth orthu, tomhas Leibhéal 3 atá sa tomhas sin. Bíonn breithiúnas de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht ionchuir áirithe i leith an tomhais luacha chóir ina iomláine, agus ní mór tosca a bhaineann go dlúth leis an tsócmhainn nó an dliteanas a chíoradh.

Ní mór don Bhainisteoir breithiúnas suntasach a dhéanamh maidir lena bhfuil i gceist le 'inbhraite' a chinneadh. Dar leis an mbainisteoir, is éard atá i gceist le sonraí inbhraite ná sonraí margaidh sorochtana a scaiptear nó a nuashonraítear go rialta, atá iontaofa agus infhíoraithe, nach sonraí dílsithe iad, agus ar sonraí iad a bhíonn á gcur ar fáil ag foinsí neamhspleácha atá gníomhach sa mhargadh ábhartha.

Sa tábla seo a leanas, déantar anailís ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (de réir aicme), laistigh den ordlathas luacha chóir, arna dtomhas ag a luach cóir ag 30 Meán Fómhair 2011:

	Leibhéal 1 €	Leibhéal 2 €	Leibhéal 3 €	Iomlán €
Infheistíochtaí				
- Cistí Aonadaithe BIAM	-	1,138,829,317	-	1,138,829,317
- Cistí Bainistithe	-	2,319,546	-	2,319,546
- Cothromais	2,422,242	-	-	2,422,242
- Banní Rialtais	3,966,235	-	-	3,966,235
- Cuntais taisce	12,555,078	-	-	12,555,078
- Cairteacha Coigiltis An Post	110,648	-	-	110,648
- Polasaithe árachais	-	-	674,864	674,864
Iomlán	**19,054,203**	**1,141,148,863**	**674,864**	**1,160,877,930**

Baineann infheistíochtaí Leibhéal 3 le hinfheistíochtaí arna sealbhú i bpolasaithe árachais nach bhfuil luaite ar mhalartán nó nach bhfuil trádáilte go gníomhach. Cheal faisnéis mhargaidh ar bith, chuir an Cuntasóir luach ar na hinfheistíochtaí seo bunaithe ar na luachanna a chuir an chuideachta árachais ar fáil. Creideann an Cuntasóir go gcuireann seo garluach ar an luach cóir agus nach mbeadh coigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais mar thoradh ar aon choigeartú a theastódh leis na hinfheistíochtaí seo a luacháil ar a luach cóir. Toisc go ndéantar infheistíochtaí Leibhéal 3 a luacháil ar a gcostas, níl anailís íogaireachta curtha ar fáil.

16. TOMHAS AN LUACHA CHÓIR (AR LEAN)

Sa tábla seo a leanas, áirítear réiteach na méideanna don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite don tomhas luacha chóir foriomlán.

Polasaithe Árachais	**€**
Iarmhéid tosaigh	706,505
Ceannacháin	-
Fáltais ó dhíolacháin	(2,509)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú (glan-dímheas) neamhréadaithe	(29,132)
Iarmhéid deiridh	**674,864**

Is ionann na glanchaillteanais neamhréadaithe a bhaineann le polasaithe árachais arna sealbhú fós ag 30 Meán Fómhair 2011 agus €249,609.

17. IMEACHTAÍ IARCHLÁIR CHOMHORDAITHE

Ní raibh aon imeachtaí ábhartha iarchláir chomhardaithe ann a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí sna ráitis airgeadais.

18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'údaraigh Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais lena n-eisiúint ar 21 Nollaig 2011.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

FAISNÉIS BHREISE

(NACH gCLÚDAÍTEAR LE TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH)

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AG 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011	30/09/2010
	€	€
SÓCMHAINNÍ INFHEISTíOCHTAÍ		
Infheistíochtaí	1,057,686,136	1,020,427,593
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	16,523,416	10,723,316
Banc	1,170,615	2,974,342
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	17,694,031	13,697,658
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(714,916)	(581,831)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(714,916)	(581,831)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	16,979,115	13,115,827
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	1,074,665,251	1,033,543,420
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	1,074,665,251	1,033,543,420

CISTí NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	10,861,443	6,768,938
(Glanchaillteanais)/Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(5,377,657)	18,405,814
Caillteanais réadaithe ar aistrithe ó chistí	(1,657)	(845,381)
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	5,482,129	24,329,371
Ioncam infheistíochta	254,519	2,343,498
	5,736,648	26,672,869
Costais	(1,476,455)	(1,399,774)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRíOCHTAÍ	4,260,193	25,273,095

CISTí NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	(1,221,936)	943,724
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	10,861,443	6,768,938
(Glanchaillteanais)/Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(5,377,657)	18,405,814
(Caillteanais) réadaithe ar aistrithe ó chistí	(1,657)	(845,381)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	4,260,193	25,273,095
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	203,931,765	215,465,668
Eisíocaíochtaí	(167,070,127)	(157,777,754)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNí Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	36,861,638	57,687,914
Méadú Iomlán i nGlansócmhainní	41,121,831	82,961,009
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,033,543,420	950,582,411
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	1,074,665,251	1,033,543,420

CISTí NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	99,376,908	98,623,747
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	640,111	779,546
Banc	11,918	208,196
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	652,029	987,742
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(70,297)	(61,385)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(70,297)	(61,385)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	581,732	926,357
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	99,958,640	99,550,104
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	99,958,640	99,550,104

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011	30/9/2010
	€	€
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	570,628	465,064
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	385,678	1,619,262
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	956,306	2,084,326
Ioncam infheistíochta	490	121,810
	956,796	2,206,136
Costais	(454)	(270)
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	956,342	2,205,866

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

		30/9/2011	30/9/2010
		€	€
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ MAR THORADH AR OIBRíOCHTAÍ			
Ioncam infheistíochta lúide costais		36	121,540
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí		570,628	465,064
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí		385,678	1,619,262
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNí Ó OIBRÍOCHTAÍ		956,342	2,205,866
IDIRBHEARTA CAIPITIL			
Fáltais		15,577,684	14,841,178
Eisíocaíochtaí		(16,125,490)	(16,564,986)
LAGHDÚ I nGLANSÓCMHAINNí Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL		(547,806)	(1,723,808)
Méadú i nGlansócmhainní		408,536	482,058
Glansócmhainní ag tús na bliana		99,550,104	99,068,046
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA		99,958,640	99,550,104

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS
AG 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA		
Infheistíochtaí	3,814,886	3,795,314
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	76,358	91,907
Banc	6,833	10,441
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	83,191	102,348
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(1,932)	(2,813)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(1,932)	(2,813)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	81,259	99,535
GLANSÓCMHAINNí IOMLÁNA	3,896,145	3,894,849
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cistí á sealbhú do thairbhithe ag deireadh na bliana	3,896,145	3,894,849

CISTí NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/09/2010 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscraíodh le linn na bliana	22,191	18,747
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	10,508	56,092
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	32,699	74,839
Ioncam infheistíochta	147	3,427
	32,846	78,266
Costais	(11)	-
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	32,835	78,266

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	30/9/2011 **€**	30/9/2010 €
MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNí MAR THORADH AR OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide costais	136	3,427
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	22,191	18,747
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	10,508	56,092
MÉADÚ I nGLANSÓCMHAINNí Ó OIBRÍOCHTAÍ	32,835	78,266
IDIRBHEARTA CAIPITIL		
Fáltais	518,080	518,656
Eisíocaíochtaí	(549,619)	(560,839)
LAGHDÚ I nGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL	(31,539)	(42,183)
Méadú Iomlán i nGlansócmhainní	1,296	36,083
Glansócmhainní ag tús na bliana	3,894,849	3,858,766
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	3,896,145	3,894,849

An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
An tSeirbhís Chúirteanna
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Teil. 01 888 6211
01 888 6214

Gréasán. www.courts.ie